C/2025/5766

23.10.2025

Fógra le haghaidh daoine agus eintitis áirithe atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2016/849 ón gComhairle agus Rialachán (AE) 2017/1509 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré

(C/2025/5766)

Dírítear aird HONG Sung-Mu agus Yongbyon Nuclear Scientific Research Centre, arb iad an duine agus an t-eintiteas iad atá in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2016/849 ón gComhairle [1] agus in Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/1509 ón gComhairle [2], mar aon le Korea Paekho Trading Corporation, arb é an t-eintiteas é atá in Iarscríbhinn III a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2016/849 agus in Iarscríbhinn XVI a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/1509, ar an bhfaisnéis seo a leanas.

Is é a bheartaíonn an Chomhairle na bearta sriantacha in aghaidh an duine agus na n-eintiteas thuasluaite a choinneáil ach ráitis leasaithe ar chúiseanna a bheith ag gabháil leo.

Cuirtear in iúl leis seo don duine agus do na heintitis lena mbaineann go bhféadfaidh siad iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle chun an fhaisnéis a bhaineann leis na bearta sriantacha a choinneáil ar bun a fháil, roimh 30 Deireadh Fómhair 2025, ag an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

---

[1] IO L 141, 28.5.2016, lch. 79.
[2] IO L 224, 31.8.2017, lch. 1.